Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2018
(OR. en)

7173/18
ADD 3

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0061 (COD)**

VISA 51
COMIX 133
CODEC 386

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Márta 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 78 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 78 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 78 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.3.2018
SWD(2018) 78 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí)**

{COM(2018) 252 final} - {SWD(2018) 77 final}

GA GA

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

**Measúnú tionchair le haghaidh togra lena leasaítear an Cód Víosaí**

## A. An gá atá le beart

### Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Tá an **Cód Víosaí** lena rialaítear na **coinníollacha agus na nósanna imeachta le víosaí gearrfhanachta a eisiúint** do limistéar Schengen i bhfeidhm ó bhí 2009 ann. In 2014, mhol an Coimisiún an rialachán a athrú, ach ní raibh na comhreachtóirí in ann teacht ar aontú i leith an athraithe sin. Chinn an Coimisiún tionscnamh nua a chur i láthair chun aghaidh a thabhairt ar na **trí réimse fadhbanna** seo a leanas:

1. **Ní leor na hacmhainní airgeadais** a fhaightear ó na táillí víosa **chun tacú le próiseáil víosaí**, rud a bhaineann an bonn ó shláine eisiúint na víosaí Schengen agus ón sprioc i dtaca le nósanna imeachta víosa atá tapa agus fabhrach do chliaint. Is é an phríomhchúis faidhbe nach bhfuil athrú tagtha ar an táille chaighdeánach víosa EUR 60 ó bhí 2006 ann.
2. Ní mór do **dhaoine a thaistealaíonn go rialta** tabhairt faoi **nósanna imeachta víosa arís agus arís eile**, mar nach n-eisíonn na Ballstáit go leor víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada acu. Cruthaíonn sé sin ualaí gan ghá d’iarratasóirí agus do chonsalachtaí agus eascraíonn **caillteanais as do thionscal taistil agus turasóireachta an Aontais**. Is é príomhchúis na faidhbe nach bhfuil an bunús dlí le víosaí dul isteach iolrach a eisiúint soiléir.
3. Tá **deacrachtaí ag na Ballstáit leibhéil leordhóthanacha a bhaint amach i dtaca le himircigh neamhrialta a chur ar ais chuig a dtíortha tionscnaimh**, rud a spreagann tuilleadh imirce neamhdhleathaí. Is é príomhchúis na faidhbe sin leisce tríú tíortha a náisiúnaigh féin a athligean isteach.

### Cad é ba cheart a bhaint amach?

Is é cuspóir **ginearálta** an tionscnaimh an comhbheartas víosa a neartú agus san am céanna aghaidh a thabhairt ar chúrsaí imirce agus slándála ar lámh amháin agus ceisteanna eacnamaíocha agus caidrimh sheachtraigh ghinearálta a chur san áireamh ar an lámh eile. Seo a leanas na trí chuspóir **shonracha**:

1. a áirithiú go bhfuil **acmhainní airgeadais leordhóthanacha** ag Ballstáit chun cáilíocht agus sláine na próiseála víosa a chosaint;
2. a áirithiú go **n-eisítear víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada acu ar bhealach níos córasaí agus níos comhchuibhithe** chuig taistealaithe rialta *bona fide*;
3. **leas an Aontais a chur chun cinn i dtaca le daoine a chur ar ais agus i dtaca le hathligean isteach** trí mhéadú an tionchair a imrítear ar thríú tíortha nach bhfuil ag comhoibriú maidir le beartas víosa.

### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

I measc bearta eile, is gá comhbheartas víosa chun deireadh a chur le seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha i limistéar Schengen. Leis an tionscnamh déanfar na rialacha sa Chód Víosaí a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh. I bprionsabal, tugann an víosa gearrfhanachta deis don sealbhóir gluaiseacht faoi shaoirse i limistéar Schengen, rud a mbaineann ard-chomhchuibhiú rialacha leis agus nach féidir déileáil leis ach ar leibhéal an Aontais.

## B. Réitigh

### Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

<u>Réimse fadhbanna 1: Acmhainní airgeadais nach leor chun tacú le próiseáil víosaí</u>

- Rogha 1A: status quo – comhtháille víosa gan athrú ag EUR 60
- Rogha 1B: táillí náisiúnta víosa bunaithe ar chostais riaracháin
- Rogha 1C: méadú ar an gcomhtháille víosa. Breithnítear foghroghanna éagsúla: EUR 80, EUR 100, EUR 120 nó EUR 80 le haghaidh víosaí suas le 6 mhí, EUR 120 le haghaidh víosaí dul isteach iolrach de 1-5 bliana.

Is é an rogha thosaíochta an méadú go **táille EUR 80.**

<u>Réimse fadhbanna 2: Nósanna imeachta atá le déanamh arís agus arís ag daoine a thaistealaíonn go rialta</u>

- Rogha 2A: status quo – cinneann na Ballstáit a gcur chuige féin i leith víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada ag baint leo a eisiúint

| |
|---|
| – Rogha 2B: an dea-chleachtas molta<br>– Rogha 2C: comhchascáidí víosa dul isteach iolrach[1] le foroghanna éagsúla (cascáid de víosaí dul isteach iolrach ginearálta, cascáidí de víosaí dul isteach iolrach ginearálta agus de réir tíre, cascáidí de víosaí dul isteach iolrach de réir tíre)<br>– Rogha 2D: víosa dul isteach iolrach caighdeánach a bhfuil bailíocht 2 bhliain nó bailíocht 5 bliana ag baint leis<br>Is é an rogha thosaíochta an **chascáid de víosaí dul isteach iolrach ginearálta agus de réir tíre**.<br><br><u>Réimse fadhbanna 3: Leibhéil neamhleora i dtaca le himircigh neamhrialta a chur ar ais chuig roinnt tíortha tionscnaimh</u><br>– Rogha 3A: status quo – cur chuige 'bosca uirlisí' na Comhairle<br>– Rogha 3B: dreasachtaí dearfacha sa bheartas víosa<br>– Rogha 3C: dídhreasacht sa bheartas víosa le foroghanna éagsúla (an cur chuige uasta dírithe ar gach pas ón tús nó cur chuige spriocdhírithe in dhá chéim: pasanna taidhleoireachta agus seirbhíse, ansin gnáthphasanna)<br>Is é an rogha thosaíochta **dídhreasachtaí le cur chuige spriocdhírithe**. |
| **Cad iad na bearta is rogha leis na páirtithe leasmhara? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Rinneadh comhairliúcháin spriocdhírithe (Ballstáit, comhlachais sna tionscail turasóireachta, taistil, loingseoireachta etc.) chomh maith le comhairliúchán oscailte poiblí a reáchtáil. Is léir go bhfuil na Ballstáit i bhfabhar an táille víosa a mhéadú chomh maith le nasc dlíthiúil a thabhairt isteach idir an beartas víosa agus athligean isteach imirceach neamhrialta. Léiríonn comhlachais turasóireachta agus ghnó na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le nósanna imeachta víosa atá le déanamh arís agus arís ag daoine a thaistealaíonn go rialta agus molann siad víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada acu a eisiúint ar bhealach níos córasaí agus níos comhchuibhithe. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta?** |
| - Leis an <u>gcomhtháille víosa ag EUR 80</u> cuirfear ioncam breise de EUR 205 milliún (+26 %) ar fáil do na Ballstáit, ar an mbealach sin cuirfear tuilleadh acmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh próiseáil víosaí, soláthar foirne agus oiliúint – nósanna imeachta níos tapúla agus níos mó slándála do limistéar Schengen.<br>- Leis na <u>cascáidí de víosaí dul isteach iolrach ginearálta agus de réir tíre</u>, bheadh deis ann níos mó víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada acu a eisiúint, rud a chruthódh solúbthacht taistil do dhaoine a thaistealaíonn go minic; laghdú ar chostais d'iarratasóirí ar víosa agus do chonsalachtaí de bharr líon níos lú nósanna imeachta víosa agus méadú ar an taisteal chuig an Aontas, chomh maith le hiarmhairtí dearfacha do thionscal turasóireachta an Aontais (iomaíochas agus fostaíocht).<br>- <u>Ba cheart go gcuirfeadh dídhreasachtaí sa bheartas víosa (le cur chuige spriocdhírithe)</u> le rátaí níos airde i dtaca le himircigh neamhrialta a chur ar ais chuig tríú tíortha nach bhfuil ag comhoibriú, le laghdú ar chostais na mBallstát as cóiríocht, bia agus speansais riaracháin, agus go ginearálta le slándáil níos fearr, le glacadh níos fearr le beartas imirce an Aontais, agus le héifeacht dhíspreagthach ar imircigh neamhrialta fhéideartha amach anseo. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta?** |
| Leis an <u>méadú ar an gcomhtháille víosa go EUR 80 chuirfí</u> costais bhreise ar iarratasóirí ar víosa (rud a fhreagraíonn d'ioncam breise na mBallstát); mar gheall ar mhéadú réasúnta, áfach, níltear ag súil le haon éifeacht dhiúltach ar thaisteal. Ní bheidh aon chostais ag baint le <u>cascáidí de víosaí dul isteach iolrach ginearálta agus de réir tíre</u>. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag <u>dídhreasachtaí sa bheartas víosa (cur chuige spriocdhírithe)</u> ar chaidreamh seachtrach an Aontais agus ar a íomhá ar fud an domhain. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Níl aon tionchar díreach ag aon cheann de na roghanna beartais tosaíochta ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ná ar an iomaíochas. Mar gheall ar rochtain níos éasca ar víosaí dul isteach iolrach agus an méadú ar thaisteal chuig an Aontas a eascróidh as, neartófar iomaíochas thionscal turasóireachta agus taistil an Aontais. |

[1] Cur chuige comhaontaithe i dtaca leis an líon víosaí/turas roimhe seo atá le cruthú ag an iarratasóir le cáiliú do víosa dul isteach iolrach agus an méadú a thiocfadh ar fhad na bailíochta a bhainfeadh le gach víosa ina dhiaidh sin.

| |
|---|
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Beidh tionchar dearfach ag gach ceann de na trí rogha thosaíochta: ioncam breise as táille níos airde víosa le haghaidh próiseáil víosaí; costais laghdaithe as líon níos lú nósanna imeachta víosa mar gheall ar níos mó víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada acu a bheith á n-eisiúint; costais laghdaithe cóiríochta, bia agus speansas riaracháin na n-imirceach neamhrialta. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Ní bheidh aon tionchar suntasach eile i gceist seachas iad sin leagtha amach thuas. |
| **Comhréireacht?** |
| Urramaíonn gach ceann de na trí rogha thosaíochta prionsabal na comhréireachta agus ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun an chuspóir a bhaint amach. Tá an táille víosa atá beartaithe comhréireach agus is é an táille is gaire don ráta boilscithe ó bhí 2006 ann. Leis an gcur chuige atá beartaithe i dtaca le víosaí dul isteach iolrach a bhfuil bailíocht fhada acu a eisiúint, déanfar dul chun cinn ar chúrsaí mar atá faoi láthair ach ní athrófar cleachtais reatha na mBallstát go radacach. Is ar an rialtas a bheadh na dídhreasachtaí chun comhar na dtríú tíortha a spreagadh maidir le hathligean isteach dírithe, sula ndéanfaí difear don phobal i gcoitinne. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta a chur i láthair **trí bliana tar éis tús a bheith curtha le cur i bhfeidhm** an rialacháin leasaithe (i.e. trí bliana go leith i ndiaidh dó teacht i bhfeidhm). Ba cheart dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith na trí phríomhréimse fadhbanna agus na cuspóirí beartais ar tugadh aghaidh orthu. |